C/2026/2476

4.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2476)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Cassis'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0396-AM01 — 9.2.2026

1. **Ainm an táirge**

'Cassis'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis. Direction Générale de la performance économique et environnementale des entreprises [Ard-Stiúrthóireacht um Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar].

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge seo mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl i gceist leis an t- iarratas ar leasú ar ATFC 'Cassis' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú 'caighdeánach' an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar na rialacha maidir le cumasc i gcás fíonta geala

Tuairisc

Leasaíodh pointe 1(a) 'Cumaisc de chineálacha fíniúna' de Chaibidil I de Roinn IX den tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC 'Cassis' mar a leanas:

— Laghdaíodh cion Marsanne B sa chumasc le haghaidh na bhfíonta geala go 20 % go 80 % den chumasc in ionad 30 % go 80 %.

— I gcás na gcineálacha eile a úsáidtear sna fíonta dearga, *rosé* agus geala, níl aon athrú ar na rialacha maidir le cumasc agus tá siad fós coibhéiseach leis na rialacha maidir le cineálacha fíniúna.

Leasaíodh na rialacha maidir le cumasc le haghaidh na bhfíonta geala chun an riail maidir le húsáid Marsanne B a mhaolú. Bíonn tionchar ar leith ag an táirgeacht sú níos ísle mar gheall ar thréimhsí fada aimsire te agus struis uisce ar chineál Marsanne B, agus mar sin tá gá le níos mó solúbthachta maidir leis na cumaisc a bhainistiú. Tá sé beartaithe leis na coigeartuithe sin na rialacha a shimpliú agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an phróifíl táirge den tuairisc sa tsonraíocht táirge a chomhlíonadh.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sonrú an mhodha táirgthe le haghaidh na bhfíonta *rosé*

Tuairisc

Leasaíodh pointe 2 (Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge) de Roinn X (Nasc leis an limistéar geografach) de Chaibidil I den tsonraíocht táirge chun a shonrú go dtáirgtear na fíonta *rosé* trí bhrú agus tríd an modh *saignée*.

Táirgeann an grúpa táirgeoirí fíonta *rosé* trí úsáid a bhaint as an modh *saignée* agus trí bhrú, ar cleachtas traidisiúnta é a úsáidtear fós le haghaidh an ainmniúcháin seo. Chun a áirithiú go gcaomhnaítear an tsainiúlacht sin, áiríodh an modh táirgthe le haghaidh na bhfíonta *rosé* sa doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí don chomhlacht rialúcháin

Tuairisc

I bpointe II (Tagairt don chomhlacht rialúcháin) de Chaibidil III den tsonraíocht táirge, tugadh sonraí teagmhála an chomhlachta rialúcháin (an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta — INAO) cothrom le dáta. Sonraíodh nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh trí úsáid a bhaint as plean rialaithe formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais, arna dtarmligean ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

Rinneadh na nuashonruithe sin ar an doiciméad aonair freisin, sa tagairt don chomhlacht rialúcháin.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

‘Cassis’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0396-AM01 — 9.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Cassis’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta geala.

Dea-bholadh

Tá dea-bholaithe casta ar na fíonta geala ina bhfuil mionbholaithe fíneálta bláthanna, torthaíocha agus boltanacha balsamacha.

Blas

Is fíonta maothlacha, tirime iad. Tugann gaireacht na farraige carachtar iaidín agus beogacht do na fíonta geala a bhraitheann ar bhlas goirt. Meastar gur ‘vins de bouche’ (fíonta míne) iad, agus iad ag péireáil go han-mhaith le *bouillabaisse*, bia mara nó anraith éisc, ar speisialtachtaí áitiúla iad uile. Is iondúil go n-óltar na fíonta sin agus iad óg ach is féidir iad a choinneáil go héasca ar feadh 2 go 3 bliana.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Fíon geal is cúis le thart ar 70 % den táirgeadh iomlán.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	—
Aigéadacht iomlán íosta	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tar éis an choipthe, ní mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta *rosé*

Dea-bholadh

Is minic a bhíonn dea-bholaithe torthaí dearga agus citris orthu.

Blas

Is minic a bhíonn dea-bholaithe torthaí dearga agus citris orthu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Tá na fíonta *rosé* ag éirí níos tábhachtaí, arb iad is cúis le thart ar 30 % den táirgeadh in 2009.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	—
Aigéadacht iomlán íosta	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

Tar éis an choipthe, ní mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta.

Déantar iad trí bhrú agus tríd an modh *saignée*.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta dearga

Dea-bholadh

Is gnách go mbíonn mionbholaithe leathair agus scrobarnaí orthu.

Blas

Is fíonta móra iad sin. Agus iad déanta as seanfhíniúnacha den chuid is mó, is iondúil go dtugann na fíonta dearga mionbholaithe leathair agus scrobarnaí, le struchtúr tainneach atá lag ach inaitheanta.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Tá na fíonta dearga is cúis le céatadán an-bheag de na fíonta a tháirgtear.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	—
Aigéadacht iomlán íosta	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta.

Tar éis an choipthe, ní mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta.

Tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 gram in aghaidh an lítir sna fíonta dearga atá réidh lena bpacáistiú.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc:

Ní ceadmhach an t-achar atá ar fáil do gach planda a bheith níos mó ná 2,5 m^2. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an fad idir sraitheanna agus an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a iolrú. Níor cheart don achar idir na línte a bheith níos mó ná 2,50 méadar, agus ba cheart don achar idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,80 méadar ar a laghad.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc:

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Féadfar na fíonta *rosé* a tháirgeadh trí bhrú díreach nó tríd an modh *saignée*.

Sa phróiseas táirgthe fíona *rosé*, ní cheadaítear gualach fíonóireachta a úsáid ach amháin le haghaidh úrfhíonta brúite agus fíonta nua atá fós faoi choipeadh, suas le huasteorainn 10 % de thoirt na bhfíonta *rosé* arna ndéanamh ag fíonsaothraí ar leith ó bhuaint shonrach agus uasmhéid 60 gram in aghaidh an heictilítir.

Leis na cleachtais fhíoneolaíocha a ndéantar dá réir, ní mór rialacha an Aontais agus an Chóid um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

Cleachtas fíoneolaíoch

Prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc:

Déantar prúnáil spoir ar na fíniúnacha, agus 2 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an spoir (treorú cuachphrúnála, feanphrúnála nó prúnála Royat) agus 6 spor ar a mhéad in aghaidh na fíniúna, nó 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna.

Cleachtas fíoneolaíoch

Uisciú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc:

Ní cheadaítear uisciú le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

ATFC Cassis – fíonta dearga, *rosé* agus geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	45
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Barbaroux Rs

— Bourboulenc B — Doucillon blanc

— Carignan N

— Cinsaut N — Cinsault

— Clairette B

— Grenache N

— Marsanne B

— Mourvèdre N — Monastrell

— Pascal B

— Sauvignon B — Sauvignon blanc

— Terret blanc B

— Terret noir N

— Ugni blanc B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta i gcríoch bhardas Cassis i roinn Bouches-du-Rhône.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá an limistéar geografach ina chuid d'amfaitéatar nádúrtha ollmhór a osclaíonn go fairsing ar an Meánmhuir trí bhá iontach a bhfuil tír-raon sléibhtiúil timpeall air ina bhfuil sceir agus foirmíochtaí aolchloiche dolaimítí:

— ar an taobh thoir theas, ag aillte arda Cap Canaille (céim Thurónach) ag airde 416 mhéadar;

— ar an taobh thoir thuaidh, ag barr cnoic Couronne de Charlemagne agus ag cnoic Bois de la Marcouline;

— ar an taobh thuaidh, ag Mont Carpiagne;

— agus ar an taobh thiar theas, ag masaíf La Gardiole.

Tá sé suite thart ar 20 ciliméadar ó Marseille, laistigh de bhardas Cassis, agus déantar an limistéar dáileachta talún ina mbuantar na fíonchaora a chríochú go cúramach. I gcroílár an amfaitéatair sin tá cnoic faoi chrainn agus loig bheaga fhadaithe a théann siar ó dheas/soir ó thuaidh, a d'fhorbair i sil-leagain chré-aolchloiche Cheineamánacha.

Tá an aeráid fabhrach go háirithe don fhíonsaothrú, le meánteocht 23 °C sa samhradh, 17 °C san fhómhar agus 11 °C sa gheimhreadh. Tairbhíonn an limistéar sin de 3 000 uair an chloig gréine ar an meán in aghaidh na bliana agus de mheánbháisteach bhliantúil 670 mm Mar sin féin, mar is amhlaidh ar fud réigiún na Meánmhara, tá patrún na báistí neamhrialta le linn na bliana agus ó bhliain go bliain. Is annamh a bhíonn sioc sa limistéar. Go deimhin, ní raibh Cassis ach ar dhornán bardas nach raibh tionchar ag sioc mór 1956 orthu. Tá an riosca cloichshneachta an-íseal freisin. Leis an topagrafaíocht amfaitéatair dhúnta i dtreo an tuaiscirt, cosnaítear na fíonghoirt ón Mistral, gaoth fhuar, thirim agus uaireanta foréigneach atá ina gné shuntasach den aeráid i limistéir fíonsaothrúcháin máguaird. Ar an taobh eile, tá an limistéar geografach oscailte do thionchar tairbhiúil na leoithní farraige, a mhaolaíonn barrachais na haeráide Provençal, go háirithe sa samhradh.

Ní úsáidtear ach cion an-teoranta den talamh sa bhardas le haghaidh talmhaíochta: níos lú ná 10 % dá achar dromchla. Tá na fíonghoirt scaipthe thar thrí chóras fána:

— 'Le Plan', suite san iarthar, le limistéar beag agus topagrafaíocht réasúnta cothrom cé is moite de roinnt leicne cnoic sa chuid thuaidh;

— 'Les Janots', earnáil a theorannaítear le gleann a théann siar ó dheas/soir ó thuaidh ó Bagnol go Janots, agus leicne cnoic ar an taobh thoir theas de limistéar Rompides;

— agus ar deireadh, na fánaí a théann ó Pignier agus Revestel go Janots. Éiríonn na fánaí réidhe sna bunchnoic (Pignier) níos géire de réir mar a ardaíonn siad i dtreo na 'mbarraí' nó na scairpeanna creagacha (La Saoupe, Le Baou Redon); is é an ceantar cnocach sin, ina bhfuil roinnt fánaí an-álainn, an príomhlimistéar fíonsaothrúcháin in Cassis. Tá sé cóngarach do Pignier agus Revestel agus tagraítear dó mar 'ceathrú' (nó 'aeráid') La Douane.

Tá na fíonghoirt suite ar na trí chóras fána sin lena ndáileachtaí talún ithreacha cré-aolchloiche dea-dhraenáilte, ag airde idir thart ar 10 agus 150 méadar agus a shíneann 3,5 ciliméadar isteach ón gcladach. Saothraítear formhór na bhfíonghort i léibhinn nó i 'restanques', mar a thugtar orthu go háitiúil, ar na fánaí géara agus sa ghleann araon, áit a bhfuil na léibhinn leagtha amach i bhfoirm staighre.

Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc geografach

Bhí an fíonsaothrúchán ar an bpríomhearnáil talmhaíochta in Cassis i gcónaí. Tar éis don fhíonsaothrúchán a bheith ag déanamh go maith ó bhí aimsir na Rómhánach ann, chosain suíomh cósta an limistéir é ar ionraí barbartha an 8ú agus an 9ú haois A.D. Le linn réimeas Shéarlas IX, thosaigh fíonghoirt Cassis ag táirgeadh méid beag fíona ghil. Creidtear, áfach, gur thug René of Anjou (Cunta Provence) an cineál Muscatel isteach nuair a d'fhill sé ar Provence tar éis chailliúint Ríocht Napoli in 1442. Chuir Paul du Lac, Ab Saint-Victor agus Tiarna La Ciotat, le forbairt an chineáil sin, ar tugadh 'Cassis' air ina dhiaidh sin. Thart ar 1520, bhog teaghlach Albizzi ó Fhlórans go Cassis, ag tabhairt isteach cineálacha nua Muscatel agus á gcur go forleathan.

Leathnaigh muintir Cassis fíonsaothrúchán de réir a chéile ar fud a gcríche. Luaitear i gcartlanna ón 16ú haois na ceathrúna thuaidh agus thoir chomh maith leis na cinn a bhí ann cheana sa chuid thoir theas in 1430. An tráth sin, bhí 200 heicteár sna fíonghoirt agus bhí idir 3 000 agus 4 000 heictilítear d'fhíon dearg agus d'fhíon geal sa táirgeadh. Rinneadh thart ar an gceathrú cuid as an Muscat cáiliúil a úsáideadh chun fíon milis nó biotáillí a tháirgeadh.

Díreach roimh Réabhlóid na Fraince, idir 1786 agus 1788, chuaigh fear Eilvéiseach darb ainm Johann Fisch ar turas tríd an bhFrainc. Agus é ag taisteal, cháin sé saothróirí fíniúna Provençal ar dtús ach mhol sé 'sárbhlianta fíona eisceachtúla' Lamalgue, Cassis agus Aubagne.

Leanadh den táirgeadh sin go dtí gur scrios plá Fiollocsaeire na fíonghoirt. Nuair a athbhunaíodh na fíonghoirt scriosta ina dhiaidh sin, níor cuireadh na cineálacha Muscatel agus Mouvèdre, toisc nár thairg siad na ráthaíochtaí cáilíochta uile leis na fréamhstoic a úsáideadh. Thart ar 1929, bhí na fíonghoirt athchóirithe go hiomlán. Tháinig tábhacht de réir a chéile ar na cineálacha Clairette B agus Marsanne B i measc na gcineálacha a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta geala a bhfuil cáil ar 'Cassis' ina leith, agus atá cothrom leis an gcuid is mó den táirgeadh dá bhrí sin.

Bhí 'Cassis' i measc na gcéad ainmniúchán tionscnaimh cláraithe a aithníodh le foraithne an 15 Bealtaine 1936. D'fhan an limistéar faoi fhíniúnacha cobhsaí, ag dul ó 240 heicteár in 1959 go 200 heicteár in 1978. In 2009, chumhdaigh na fíonghoirt achar 204 heicteár, ar fíniúnacha óga 10 heicteár díobh. Is é 129 heicteár (66 % d'fhíonghoirt) an limistéar ina bhfuil cineálacha geala curtha agus meántáirgeadh bliantúil 4 700 heictilítear ann. Tá 59 heicteár sa limistéar ina bhfuil cineálacha dearga curtha. Táirgtear na fíonta in 11 eastát phríobháideacha, a bhfuil ceann amháin acu bunaithe i mbardas in aice le Roquefort-la-Bédoule.

Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Ciallaíonn an t-idirghníomhú idir an mhéas-aeráid thirim arna maolú ag an tionchar muirí, an topagrafaíocht i gcruth amfaitéatair a osclaíonn ar Bhá Cassis agus na hithreacha cré-aolchloiche ar na fánaí a fhaigheann foscadh ó na ballaí cloiche tirime go bhfuil dálaí aibithe i bhfíonghoirt uile Cassis (atá suite den chuid is mó ar na fánaí a bhfuil a n-aghaidh siar ó thuaidh) fabhrach do na cineálacha uile a fhástar ansin agus go háirithe do chineálacha geala Clairette B agus Marsanne B. Go deimhin, le héifeachtaí comhcheangailte sholas na gréine, na ndifríochtaí teochta a mhaolaítear leis an tionchar muirí agus leis an gcosaint a thugtar leis na fánaí tobanna uaireanta, ceadaítear do na cineálacha sin fíonchaora a fhorbairt a thairgeann cothromaíocht atá an-sonrach d'fhíonghoirt Provence, ina gcomhcheanglaítear struchtúr, próifíl aramatach chasta agus cothromaíocht shainiúil idir aigéadacht agus alcól. Chuir an duine leis an terroir sin (ó thaobh an chomhshaoil, na topagrafaíochta agus na hithreach de) le himeacht ama, ó na Liogúraigh síos go fíonsaothraithe an lae inniu. Thar na glúnta, d'fhoghlaim na táirgeoirí sin conas is fearr oiriúnú don timpeallacht sin chun táirgeadh bunaidh a bhaint amach a bhfuil braistint láidir féiniúlachta aige, léiriú a

fháil ar shaineolas an phobail uile agus fíonta a chruthú a bhfuil leibhéal ard sainiúlachta acu a bhaineann leis an terroir. Ní treocht fhánach é sin, i gcomhthéacs Provence a raibh cáil níos fearr air in 2010 as fíonta *rosé* a tháirgeadh den chuid is mó. Is léir gur roghnaigh na táirgeoirí straitéis fíonsaothrúcháin ar leith, lena dtugtar tús áite do na cineálacha fíniúna gile Marsanne B agus Clairette B agus lena sainítear táirgeacht íseal 45 heictilítear in aghaidh an heicteáir (gan aon fhéidearthacht maidir le méadú) chun a bhféiniúlacht a dhearbhú. Is é srian a chur ar an táirgeacht ionas go gcoinnítear an bhéim ar cháilíocht i gcónaí a thugann a shaintréith uathúil d'fhíon 'Cassis'. Chun sliocht a thabhairt as an dán 'Calendal' le Frédéric Mistral, 'níos milse ná aon mhil, bíonn sé ag scaladh go lonrach cosúil le diamaint agus bolaithe an mharóis, an fhraoigh agus an mhiortail air a chumhdaíonn ár gcnoic...'

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, cuimsítear críoch bhardas Roquefort-la-Bédoule (Roinn Bouches-du-Rhône).

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, féadfar eintiteas geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas:

— is logainm cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-a886d3a2-1dc2-4a93-a666-dec73448666c